BOO Chathair Bhaile Átha Cliath

# Ráiteas Straitéise

## 2026-2030



City of Dublin
Bord Oideachais agus Oiliúna
Education and Training Board

CI

# Clár Ábhair


Teachtaireacht Fáilte ........ 1

An Ráiteas Straitéise a Fhorbairt ........ 4

- *Cad a Dhéanann Muid* ........ 5
- *Strategic Context* ........ 7
- *Comhairliúchán* ........ 9

Comhthéacs Straitéiseach ........ 13

- *Fís agus Misean* ........ 15
- *Luachanna* ........ 16
- *Colúin Straitéiseacha* ........ 17
- *Colún Straitéiseach 1: Seirbhís Phoiblí Dhigiteach Cheannródaíoch* ........ 18
- *Colún Straitéiseach 2: Ag Athrú Saoil trí Ghuth an Fhoghlaimeora agus Seirbhísí Ardchaighdeáin a Chur Chun Cinn* ........ 19
- *Colún Straitéiseach 3: Comhpháirtí Oideachais den Chéad Rogha* ........ 20
- *Colún Straitéiseach 4: Áit Iontach le hObair* ........ 21
- *Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht* ........ 22

Aguisíní ........ 23

- *Aguisín 1. An Meitheal um Ráiteas Straitéise BOO Chathair Bhaile Átha Cliath 2026 – 2030* ........ 24
- *Aguisín 2. Reachtaíocht agus Straitéisí Náisiúnta* ........ 24
- *Aguisín 3. Treochtaí Oideachais agus Fostaíochta* ........ 25
- *Aguisín 4. Eagraghram* ........ 27


ár Ábhair

# Teachtaireacht Fáilte

## ó Chathaoirleach agus ó Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath

Tá áthas orainn Ráiteas Straitéise BOO Chathair Bhaile Átha Cliath 2026-2030 a chur i láthair le chéile. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo treo straitéiseach agus tosaíochtaí BOO Chathair Bhaile Átha Cliath thar na cúig bliana atá romhainn.

Táimid ag maireachtáil i ré ina bhfuil athrú mór polaitiúil agus teicneolaíoch agus d'fhéadfadh cuid a rá nach féidir a shamhlú cá mbeidh cathair Bhaile Átha Cliath i gceann cúig bliana, gan trácht ar an gcaoi a mbeidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath mar chuid den todhchaí sin. Ach ós rud é go bhfuilimid ag maireachtáil agus ag obair i ré na héiginnteachta socheacnamaíche sin, tá sé níos tábhachtaí fós, mar sholáthraí reachtúil oideachais agus oiliúna i mBaile Átha Cliath, go leagfaimid amach go soiléir cá bhfeicimid muid féin ag dul agus conas a chuirfimid le todhchaí na príomhchathrach. Is ar an gcúis seo féin go bhfuil sé chomh tábhachtach a bheith soiléir faoinár bhfís, ár misean, ár luachanna agus ár dtosaíochtaí seirbhíse.

Tháinig an treo don todhchaí a leagtar amach sa cháipéis seo mar thoradh ar chomhairliúchán agus rannpháirtíocht fhairsing agus chuimsitheach le baill foirne, le foghlaimeoirí agus le príomhpháirtithe leasmhara. Tá ionchur ó bhreis is 600 ball foirne, 12 ghrúpa fócais agus 80 suirbhé páirtithe leasmhara tar éis tionchar a dhéanamh ar an bplean reatha. Bhí sé soiléir freisin paisean agus tiomantas na foirne a bhfuil tuiscint shoiléir acu ar an gcaoi a bhféadfaidís cabhrú le saol an oiread sin daoine inár bpríomhchathair a athrú. Chomh láidir céanna bhí guth na bhfoghlaimeoirí ag rá go bhfuil tionchar fíor ag ár seirbhísí oideachais agus oiliúna ar a saol agus fonn a chinntiú go leathnófaí deiseanna foghlama den sórt sin chuig foghlaimeoirí de gach aois sna blianta amach romhainn.

Tá an teachtaireacht ón Ráiteas Straitéise seo an-láidir agus an-soiléir faoin áit ar mhaith linn a bheith mar BOO in 2030. Beidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ina sheirbhís phoiblí dhigiteach cheannródaíoch arb é an chéad rogha é mar chomhpháirtí oideachais a athraíonn saolta trí ríomhsheirbhísí cuimsitheacha agus is áit iontach oibre é freisin. Mar an comhlacht reachtúil atá freagrach as oideachas agus oiliúint i gcathair Bhaile Átha Cliath, táimid ag tnúth le bheith ag obair le chéile chun seo a thabhairt chun críche.

**Cllr Keith Connolly**
Cathaoirleach
BOO Chathair Bhaile Átha Cliath

**Dr Christy Duffy**
Príomhfheidhmeannach
BOO Chathair Bhaile Átha Cliath





# An Ráiteas Straitéise a Fhorbairt

## Maidir le BOO Chathair Bhaile Átha Cliath

Is é Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath údarás stáit oideachais agus oiliúna chathair Bhaile Átha Cliath le breis is 3,000 ball foirne a sholáthraíonn deiseanna oideachais agus oiliúna do bhreis is 34,000 duine.

Déanaimid é seo trí Scoileanna Náisiúnta Pobail, Scoileanna Speisialta Pobail, Scoileanna Ospidéil Phobail agus 11 Choláiste Pobail a reáchtáil ar fud na cathrach. Feidhmíonn ár gColáiste Breisoideachais agus Oiliúna (BO) i gCathair Bhaile Átha Cliath ar fud ceithre champas le 9 ndámh sa chathair, ag soláthar cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, printíseachtaí, cúrsaí oiliúna agus réimse deiseanna breisoideachais agus oiliúna do dhaoine fásta. Cuirimid seirbhísí oideachais ar fáil i seacht bpríosún chomh maith agus maoinímid réimse Ionad Oiliúna Pobail agus Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla.

Tacaíonn BOO Chathair Bhaile Átha Cliath le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú seirbhísí óige i gcathair Bhaile Átha Cliath agus is é an príomhchomhpháirtí i Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath freagrach freisin as Tacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI), an t-údarás náisiúnta dámhachtana do dheontais mhic léinn in Éirinn.

Tacaíonn foireann riaracháin na Príomhoifige i nDroichead na Dothra lenár soláthar. I measc na seirbhísí tacaíochta eile tá seirbhís shíceolaíoch, aonad forbartha curaclaim, seirbhís tacaíochta agus rannpháirtíochta foghlaimeoirí, seirbhís rannpháirtíochta fostóirí, aonad sonraí agus pleanála straitéisí agus aonad cothabhála foirgneamh.

Bunaíodh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath an 1 Iúil 2013 faoin Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus tá sé faoi rialú boird de 21 ball. Tá an bord comhdhéanta d'ionadaithe ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ionadaithe foirne, ionadaithe tuismitheoirí agus ionadaithe atá ceaptha faoi Alt 30 (d) den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna. I ndiaidh fhógra Thoghchán Áitiúil 2024, agus i gcomhréir leis an Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna, bunaíodh Bord agus Coistí comhpháirteacha nua de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2024.

# Cad a Dhéanann Muid

## BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

**3,000+**
Ball foirne

**€565M**
Caiteachas 2024

**34,000+**
Foghlaimeoir san Iomlán

SUSI

**102k**
Iarratas Deontais

**2024/25**
**Bliain Acadúil**

**€295M**
i gCaiteachas





Music Generation Dublin City

**3,900**
Rannpháirtí ar Páistí agus Daoine Óga iad

# SCOILEANNA BOO CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

**4,000** School Learners

**1** Scoil Náisiúnta Phobail

**2** Scoil Ospidéil Phobail

**1** Scoil Speisialta Phobail

**11** Choláiste Pobail

## City of Dublin FET College

**9** nDámh

**4** Champas Comhtháite

**30,000** Foghlaimeoir BO

**12,000** Foghlaimeoir Lánaimseartha

**18,000** Foghlaimeoir Páirtaimseartha

## City of Dublin Bord Oideachais agus Oiliúna Education and Training Board — Servísí Óige Youth Services

**44** Tionscadal Óige

Ag teacht ar **42k** Duine Óg

**108** Club Óige

Ag teacht ar **9k** Duine Óg

# Comhthéacs Straitéiseach

## Comhthéacs Straitéiseach

Leagtar amach san Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013 go gcaithfidh gach BOO Ráiteas Straitéise a ullmhú gach cúig bliana. Agus é sin á dhéanamh againn, ní mór do BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a bheith ar an eolas faoi fhorbairtí reachtaíochta agus beartais a mhúnlaíonn an chaoi a n-oibrímid.

## Forbairtí Beartais

Is é Creatchuraclam na Bunscoile, a seoladh in 2023, an bunús le haghaidh foghlama, teagaisc agus measúnaithe ardchaighdeáin i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta. Ó 2021 i leith, tá pátrúnacht Scoil Náisiúnta Phobail amháin, dhá Scoil Ospidéil Phobail, agus Scoil Speisialta Phobail amháin glactha ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, agus beidh an Creat seo agus Acht an Oideachais (Glacadh isteach i Scoileanna) 2018 mar threoir againn inár soláthar. Ag an dara leibhéal, leanann Coláistí Pobail BOO Chathair Bhaile Átha Cliath orthu ag oiriúnú chun freastal ar riachtanais Athfhorbartha na Sraithe Sinsearaí agus na Sraithe Sóisearaí, agus ábhair, measúnuithe agus bandaí gráid nua á dtabhairt isteach acu.

Agus ár soláthar Breisoideachais agus Oiliúna á chur ar fáil againn, leanfaimid orainn ag obair lenár gcomhpháirtithe an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus SOLAS chun a chinntiú go bhfuil sé ailínithe leis an straitéis náisiúnta, agus go gcuirtear deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil chuimsitheacha ar fáil do dhaoine óga agus d'fhoghlaimeoirí fásta. Tá soláthar oibre óige BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ailínithe leis an Straitéis Náisiúnta um Obair Óige agus Seirbhísí Gaolmhara 2024-2028, agus comhlíonann sé í.

Le haghaidh tuilleadh eolais féach ar Aguisín 2. Reachtaíocht agus Straitéisí Náisiúnta.



## Comhionannas agus Cearta Daonna

Tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath tiomanta do Dhualgas Comhionannais agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí a chur i bhfeidhm, a chuireann oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna a bhfoirne agus na ndaoine a soláthraíonn siad seirbhísí dóibh a chosaint. Tá ár measúnú *"Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a Chur Chun Feidhme: Measúnú ar Shaincheisteanna um Chomhionannais agus Cearta an Duine, agus céimeanna i dtreo chur chun feidhme an Dualgais"*, ar fáil trí shuíomh gréasáin BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus cuidíonn sé lenár soláthar oideachais agus seirbhísí. Tuairiscíonn BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar chur i bhfeidhm an Dualgais inár dtuarascálacha bliantúla.

## Digiteach, Nuálaíocht agus Cleachtais Oibre Athraitheacha

Tá forbairtí teicneolaíocha meara le déanaí, go háirithe teacht na hIntleachta Saorga, ag athrú an chaoi a bhfoghlaimímid, a mhúinimid agus a n-oibrímid. Ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, táimid tiomanta a chinntiú go ndéanaimid an leas is fearr is féidir a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus úsáid shábháilte, shlán agus chomhlíontach á cinntiú ag an am céanna. Cuireann Straitéis Dhigiteach BOO Chathair Bhaile Átha Cliath 2025-2030 creat ar fáil le haghaidh athrú digiteach atá dírithe ar an duine a fheabhsóidh agus a nuálfaidh ár soláthar oideachais agus ár soláthar seirbhísí.

Le gach forbairt theicneolaíoch nua tagann an bhagairt mhéadaithe ó chibirionsaithe. Ní raibh tábhacht na slándála faisnéise agus na pleanála leanúnachais gnó níos géire riamh. Tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ag obair faoi láthair i dtreo comhlíonadh na gCaighdeán Bonnlíne Cibearshlándála san Earnáil Phoiblí chun slándáil agus athléimneacht ár mbainistíochta faisnéise a chinntiú.

## Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht

Cuireann an tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021, na Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide bliantúla, agus an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí (2022) freagracht mhéadaithe ar chomhlachtaí poiblí a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá comhsheasmhach le pleananna agus straitéisí náisiúnta aeráide, rud a chuireann le baint amach an chuspóra náisiúnta aeráide. Tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath tiomanta dár n-oibleagáidí faoin Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí a chomhlíonadh, agus d'fhoilsíomar an chéad leagan dár dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide i mí Eanáir 2025. Beidh Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide BOO Chathair Bhaile Átha Cliath nuashonraithe go bliantúil.

## Treochtaí Oideachais agus Fostaíochta

Is iad athruithe déimeagrafacha oideachais Chathair Bhaile Átha Cliath, mar aon le forbairtí fostaíochta agus sa mhargadh saothair a mhúnlaíonn an chaoi a fheidhmíonn BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. Le haghaidh níos mó eolais féach ar Aguisín 3. Treochtaí Oideachais agus Fostaíochta



# Comhairliúchán

Tá forbairt Ráiteas Straitéise BOO Chathair Bhaile Átha Cliath 2026-2030 bunaithe ar ionchur ó réimse leathan páirtithe leasmhara.

I rith 2025, reáchtáladh sraith gníomhaíochtaí comhairliúcháin chun smaointe agus tuairimí ár bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a bhailiú. Tá na tuairimí éagsúla seo tar éis cabhrú le treo ár Ráitis Straitéise a mhúnlú agus lenár bpríomhthosaíochtaí don chéad chúig bliana eile a aithint.

Dhírigh na gníomhaíochtaí comhairliúcháin ar ár bhfís, ár misean agus ár luachanna, mar aon le ceithre phríomhcholún straitéiseacha.

1. Seirbhís Phoiblí Dhigiteach Cheannródaíoch
2. Ag Athrú Saoil trí Ghuth an Fhoghlaimeora agus Seirbhísí Ardchaighdeáin a Chur Chun Cinn
3. Comhpháirtí Oideachais den Chéad Rogha
4. Áit Iontach le hObair

## Focus Groups

Reáchtáladh dhá fhócasghrúpa dhéag leis na cohóirt seo a leanas:

- Foghlaimeoirí Scoile
- Ceannairí Scoile
- Daoine Óga
- Oibrithe Óige
- Foghlaimeoirí Fásta BO
- Ceannairí BO
- Riarachán agus Foireann SUSI

**Príomhthorthaí ó fhócasghrúpaí:**

- Meastar gur tosaíochtaí ríthábhachtacha iad 'Inbhuanaitheacht' agus 'Gníomhú ar son na hAeráide' i measc daoine óga.
- Mothaíonn foghlaimeoirí fásta nach bhfuil tuiscint fhorleathan ag an bpobal i gcoitinne ar ár ndeiseanna agus ár seirbhísí oideachais.
- Tá deiseanna níos fearr ag teastáil ó bhaill foirne ar fud na heagraíochta chun bualadh le chéile, líonrú a dhéanamh agus comhoibriú a dhéanamh i measc seirbhísí agus ionaid.

## Suirbhéanna

Chabhraigh toradh na bhfócasghrúpaí le dearadh dhá shuirbhé ar Ráiteas Straitéise a dhírigh ar na nithe seo a leanas:

1. Suirbhé Foirne thart ar 600 freagróir
2. 2Suirbhé Páirtithe Leasmhara (Bord, Coistí, Boird Bainistíochta, Comhairlí Mac Léinn agus Tuismitheoirí, Comhpháirtithe Pobail agus Tionscail, Comhlachtaí Reachtúla) thart ar 80 freagróir

Ina theannta sin, thug dhá shuirbhé eile a rinneadh níos luaithe sa bhliain acadúil 2024/2025 léargas breise:

1. Suirbhé Foirne Digiteach thart ar 450 freagróir
2. Suirbhé Foghlaimeoirí BO thart ar 3200 freagróir

## Aschuir grafaice ón gcomhairliúchán faoin ráiteas straitéise le daoine óga a bhain le seirbhísí oibre don aos óg in 2025



# Cad a Chualamar

**Leagtar amach inár "bhfísráiteas" mianta na heagraíochta - cad atáimid ag iarraidh a bhaint amach.**

*"Cuirimid fáilte roimh gach duine, agus freastalaímid ar gach foghlaimeoir."*

*"Creidimid go bhfuil an fhoghlaim ar feadh an tsaoil."*

---

**Leagtar amach inár "ráiteas misin" ár gcuspóir - an fáth a bhfuil muid ann agus cad a dhéanann muid.**

*"Athraíonn ár gcuid oibre saolta, ag tabhairt todhchaí dhearfach d'fhoghlaimeoirí."*

*"Bíonn tionchar dearfach ag ár seirbhísí ní hamháin ar an duine aonair ach ar an bpobal i gcoitinne."*

---

**Is iad ár "luachanna'"na croí-chreidimh agus na prionsabail a threoraíonn ár ngníomhartha, ár gcinntí agus ár gcultúr.**


*"Cuirimid daoine ar dtús."*

*"Tá cuimsitheacht agus inrochtaineacht ríthábhachtach dár gcuid oibre."*

*"Tá ár seirbhísí gairmiúil agus ar ardchaighdeáin."*


*"Cuireann BOO Chathair Bhaile Átha Cliath cláir, seirbhísí agus conairí oideachais d'ardchaighdeáin ar fáil do theaghlaigh, do phobail agus d'fhostóirí"*

**Suirbhé Páirtithe Leasmhara**





*"Táim bródúil as a bheith ag obair ar son BOO Chathair Bhaile Átha Cliath"*

**Suirbhé Foirne**





*"Tuigeann an pobal an raon éagsúil seirbhísí oideachais a chuireann BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar fáil"*

**Suirbhé Foirne**




*"Molaim seirbhísí oideachais BOO Chathair Bhaile Átha Cliath do mo chairde agus do mo theaghlach"*


**Suirbhé Foirne**



# Ráiteas



S



# traitéise


# An Fhís atá againn



Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath – áit a bhfuil foghlaim ar feadh an tsaoil ann do chách.

# An Misean atá againn

Is é misean BOO Chathair Bhaile Átha Cliath saolta agus pobail a athrú trí oideachas, oiliúint, obair óige agus seirbhísí.



# Luachanna

## Dírithe ar an Duine:

Cuirimid daoine ar dtús. Cinntímid go mbíonn deiseanna ag ár bhfoghlaimeoirí, ár ndaoine óga, ár bhfoireann agus ár bpáirtithe leasmhara eile a bheith cloiste agus ár gcuid oibre a mhúnlú.

## Ionchuimsitheach:

Cuirimid oideachas agus seirbhísí inrochtana ar fáil do gach duine – is cuma cé hiad. Ceiliúraimid éagsúlacht ár bhfoghlaimeoirí, ár ndaoine óga, ár bhfoireann agus ár bpobal.

## Measúil:

Aithnímid agus tugaimid meas ar ranníocaíochtaí gach duine – foghlaimeoirí, daoine óga, baill foirne agus páirtithe leasmhara eile don eagraíocht.

## Cáilíocht:

Cinntímid go bhfuil ár seirbhísí gairmiúil agus go soláthraímid cáilíocht chomhsheasmhach ar fud na seirbhísí uile

## Inbhuanaithe:

Cuirimid inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide chun tosaigh inár ngníomhaíochtaí, agus aithnímid ár bhfreagracht don phláinéid agus don chéad ghlúin eile.

## Cuntasach:

Táimid tiomanta trí ionracas agus tríd an muinín a chuirtear inár n-eagraíocht a choinneáil slán. Táimid tiomanta don trédhearcacht agus don oscailteacht.

# Colúin Straitéiseacha

# Faoi 2030

ba mhaith linn go mbeadh na nithe seo a leanas
fíor faoi BOO Chathair Bhaile Átha Cliath...



## Seirbhís Phoiblí Dhigiteach Cheannródaíoch

## Ag Athrú Saoil trí Ghuth an Fhoghlaimeora agus Seirbhísí Ardchaighdeáin a Chur Chun Cinn



## Comhpháirtí Oideachais den Chéad Rogha





## Áit Iontach le hObair

# Colún Straitéiseach 1:
## Seirbhís Phoiblí Dhigiteach Cheannródaíoch

Trí athrú digiteach a ghlacadh, uasmhéadóidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath tionchar ár n-oideachais agus ár seirbhísí, agus bainfimid barr feabhais ghairmiúil amach sa teagasc, san oiliúint agus in obair óige.

I gcás BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, is cur chuige claochlaitheach é 'Digiteach' a chomhtháthaíonn teicneolaíocht i ngach gné dár n-oibríochtaí agus dár seirbhísí. Ní hamháin go bhfuil sé faoi uirlisí nua a ghlacadh ach faoi áth-shamhlú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear oideachas ar fáil agus ar an gcaoi a bhfaigheann foghlaimeoirí rochtain air. Feabhsaíonn athrú digiteach comhoibriú, sruthlíníonn sé próisis riaracháin, agus díríonn sé ar luach a sholáthar trí réitigh nuálacha, forbairt scileanna, agus bealaí nua oibre.

Faoi 2030, beidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ina sheirbhís phoiblí dhigiteach cheannródaíoch a chomhlíonann riachtanais agus ionchais athraitheacha ár bhfoghlaimeoirí, ár bhfoirne agus ár bpáirtithe leasmhara. Bainfimid é sin amach trí oibriú chun na ceithre sprioc seo a leanas a bhaint amach:

**1.1** Timpeallacht foghlama dhigiteach atá réidh don todhchaí, inscálaithe agus solúbtha a chinntiú.

**1.2** Córais atá ar fáil, dílis agus iontaofa a sholáthar le haghaidh foghlama agus riaracháin.

**1.3** Seirbhísí aontaithe agus comhoiriúnaithe a sholáthar a thacaíonn le foghlaim am ar bith, áit ar bith.

**1.4** Scileanna digiteacha nua-aimseartha agus ábhartha a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne.



# Colún Straitéiseach 2:
## Ag Athrú Saoil trí Ghuth an Fhoghlaimeora agus Seirbhísí Ardchaighdeáin a Chur Chun Cinn

Tá athrú a dhéanamh ar shaolta trí oideachas, oiliúint agus obair óige i gcroílár ár gcuid oibre. Maidir le BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, ba mhaith linn a chinntiú, do gach duine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí, go gcuirfimid eispéireas ardchaighdeáin ar fáil ina dtugtar meas d'éagsúlacht agus ina gceiliúrtar í.

Aithnímid an deis atá ann chun ár soláthar a fheabhsú trí chomhtháthú a neartú ar fud BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. Mar gheall ar ár raon uathúil seirbhísí, is féidir linn conairí agus deiseanna tacúla a thairiscint d'fhoghlaimeoirí agus do dhaoine óga ar fud seirbhísí éagsúla laistigh dár n-eagraíocht.

Faoi 2030, beidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ag athrú saolta trí oideachas agus seirbhísí ardchaighdeáin, ag cur guthanna foghlaimeoirí agus daoine óga chun cinn. Bainfimid é sin amach trí oibriú chun na ceithre sprioc seo a leanas a bhaint amach:

**2.1** Oideachas, oiliúint, obair óige agus seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar a chinntíonn comhoibriú, cumarsáid agus comhtháthú ar fud BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.

**2.2** Uasmhéadú a dhéanamh ar acmhainneacht na rannpháirtithe uile ag gach céim dá dturas trí na conairí go léir a léiriú go soiléir agus trí chuimsiú, meas agus éagsúlacht a chur chun cinn inár seirbhísí uile.

**2.3** Glacadh le prionsabail an Dearaidh Uilíoch sa teagasc, san fhoghlaim agus i soláthar seirbhísí, agus rochtain ar thacaí a chinntiú do gach foghlaimeoir.

**2.4** Cleachtas atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir a chur chun cinn agus an deis a éascú do gach foghlaimeoir agus duine óg guth a bheith acu a mbíonn tionchar aige ar obair BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.

# Colún Straitéiseach 3:
## Comhpháirtí Oideachais den Chéad Rogha

Tá sé mar aidhm ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a bheith ar an gcéad rogha d'oideachas ar fud na cathrach. Ba mhaith linn go mbeadh a fhios ag gach duine, is cuma cá bhfuil tú ar do thuras foghlama, go bhfuil deis foghlama curtha ar fáil againn duit ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.

Ciallaíonn sé seo go gcaithfear feasacht ar ár seirbhísí a mhéadú trí líonraí agus comhpháirtíochtaí a thógáil le heagraíochtaí pobail, le hearnáil an tionscail agus le daoine eile, agus trí scéalta athraithe a chur chun cinn a cheiliúrann saibhreas éachtaí na bhfoghlaimeoirí ar fud ár n-eagraíochta. Cuirfimid na háiseanna oideachais is fearr is féidir ar fáil dár bhfoghlaimeoirí, agus aithnímid an tábhacht a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide a chur chun tosaigh inár mbealach oibre.

Faoi 2030, beidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar an gcéad rogha mar chomhpháirtí oideachais i gcathair Bhaile Átha Cliath a bhfuil féiniúlacht ar leith aige agus atá aitheanta go forleathan, atá comhchiallach le hoideachas agus seirbhísí ar ardchaighdeán a bhfuil éagsúlacht iontu. Bainfimid é sin amach trí oibriú chun na ceithre sprioc seo a leanas a bhaint amach:

**3.1** Branda BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn agus a chur in iúl, mar aon leis an raon éagsúil seirbhísí agus tacaíochtaí atá ar fáil do fhoghlaimeoirí.

**3.2** Ár n-áiseanna, ár mbonneagar agus ár n-acmhainní a fhorbairt agus a fheabhsú, ag cinntiú timpeallacht dhearfach foghlama agus oibre, agus tús áite á thabhairt d'inbhuanaitheacht agus do ghníomhú ar son na haeráide.

**3.3** Pobal a thógáil agus caidrimh láidre a chothú trí bheith i dteagmháil le réimse leathan páirtithe leasmhara.

**3.4** Ceiliúradh a dhéanamh ar rath agus éachtaí foghlaimeoirí trí scéalta athraithe a chur chun cinn.



# Colún Straitéiseach 4:
## Áit Iontach le hObair

Ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, creidimid gurb í ár bhfoireann ár n-acmhainn is láidre. Oibríonn breis is 3,000 duine ar fud na heagraíochta chun oideachas agus seirbhísí ardchaighdeáin agus nuálacha a sholáthar.

Aithnímid gur 'cumasóir' ríthábhachtach é bheith in áit atá iontach le bheith ag obair, rud a chuireann ar ár gcumas feabhas a chur ar cháilíocht ár gcuid oibre i gcónaí agus ár gcultúr cuntasachta a neartú. I gcás BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, is éard atá in áit iontach le bheith ag obair ná cultúr ard-mhuiníne a chothú ina mbraitheann comhghleacaithe go bhfuil meas orthu, go n-éistear leo agus go n-aithnítear iad, agus go bhfuil deiseanna ann le haghaidh fáis, uasoiliúna agus forbartha.

Faoi 2030, beidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ina áit iontach le bheith ag obair, áit a bhfuil muintearas pobail agus deiseanna forbartha a chuirfidh ar chumas na foirne a lánacmhainneacht a bhaint amach. Déanfaimid é seo trí oibriú chun na ceithre sprioc seo a leanas a bhaint amach:

**4.1** Forbairt ghairmiúil agus oiliúint inseirbhíse a chur i bhfeidhm, ag tacú le gach ball foirne a lánacmhainneacht a bhaint amach agus na conairí dul chun cinn a uasmhéadú.

**4.2** Pobal agus muintearas a thógáil trí dheiseanna chun comhoibriú le comhghleacaithe agus chun páirt a ghlacadh i seirbhísí éagsúla.

**4.3** Na caighdeáin is airde rialachais agus cuntasachta comhsheasmhacha a chinntiú ar fud na heagraíochta.

**4.4** Cultúr dearfach, cuimsitheach, nuálach a chothú, ag cruthú deiseanna le haghaidh ionchur agus aiseolas fiúntach ón bhfoireann, agus le haghaidh aitheantais ag gach leibhéal den eagraíocht.

# Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as Ráiteas Straitéise BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm, agus tuairiscíonn siad do Bhord BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.

Cinnteoidh córas láidir cur chun feidhme agus monatóireachta, lena n-áirítear pleananna seirbhíse bliantúla, tuarascálacha bliantúla agus athbhreithniú lárphointe, go leanfar le cuntasacht ar feadh shaolré an ráitis straitéise.

## Pleananna Seirbhíse Bliantúla

Forbróidh Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóirí BOO Chathair Bhaile Átha Cliath (Aguisín 4. Eagraghram) pleananna seirbhíse bliantúla atá nasctha go díreach leis na piléir straitéiseacha agus na spriocanna atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo, ceadaithe ag an mBord agus an Roinn Oideachais agus Óige.

Foilseofar pleananna seirbhíse bliantúla a ceadaíodh ar shuíomh gréasáin BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.

Cuirfidh Táscairí Feidhmíochta Príomhúla atá ailínithe le gníomhartha príomhúla tomhais inchainníochtaithe ar fáil a rianóidh dul chun cinn, faoi réir athbhreithniú ráithiúil ag an bPríomhfheidhmeannach agus ag an bhFoireann Cheannaireachta Shinsearaí.

## Tuarascálacha Bliantúla

Ullmhóidh an Príomhfheidhmeannach tuarascáil bhliantúil ina sainaithneofar na gníomhartha príomhúla a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an Ráiteas Straitéise, ceadaithe ag an mBord agus an Roinn Oideachais agus Óige.


Foilseofar tuarascálacha bliantúla a ceadaíodh ar shuíomh gréasáin BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.

## Athbhreithniú Lár-Straitéise

Déanfar athbhreithniú lár-straitéise, ag plé le príomhpháirtithe leasmhara chun feidhmíocht agus treo a mheas, rud a chinnteoidh go bhfanfaidh Ráiteas Straitéise BOO Chathair Bhaile Átha Cliath solúbtha agus inoiriúnaithe d'athruithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo.

## Rannpháirtíocht Leanúnach Chomhpháirtithe

Le linn shaolré an Ráitis Straitéise, leanfaidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath de bheith ag obair go réamhghníomhach leis na Ranna agus na gníomhaireachtaí maoinithe ábhartha chun an straitéis a chur i bhfeidhm go rathúil agus a chinntiú go bhfanfaidh sé ábhartha don bheartas náisiúnta agus earnála.



# Aguisíní



# Aguisín 1.
## An Meitheal um Ráiteas Straitéise 2026 – 2030

**Anthony Creevey**
Príomhoide,
Pobalcholáiste Chluain Torc

**Lorraine Downey**
Oifigeach um Oideachas Aosach,
an tSeirbhís Tacaíochta agus Rannpháirtíochta Foghlaimeoirí, Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath

**Celene Dunne**
Stiúrthóir Sheirbhísí don Aos Óg
Chathair Bhaile Átha Cliath

**Gillian Flynn**
Príomhoifigeach Cúnta, an Rannóg Airgeadais,
BOO Chathair Bhaile Átha Cliath

**Aoife Greene**
Bainisteoir Forbartha Eagraíochta,
Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI)

**Brendan Gribbon**
Oifigeach Comhlíonta, Seirbhísí Corparáideacha,
BOO Chathair Bhaile Átha Cliath

**Blake Hodkinson**
Stiúrthóir Oibríochtaí agus Caighdeáin (Breisoideachas agus Oiliúint),
BOO Chathair Bhaile Átha Cliath

**Aishling Lennon**
Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha,
BOO Chathair Bhaile Átha Cliath

**Ciaran McNulty**
Leas-Príomhoide,
Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste Dhúlaigh

**Gwen Redmond**
Oifigeach um Oideachas Aosach,
Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath

**Ciaran Wrynne**
Leas-Príomhoide,
Pobalcholáiste na Cúlóige

# Aguisín 2.
## Reachtaíocht agus Straitéisí Náisiúnta

Leagtar amach sa liosta thíos rogha neamh-uileghabhálach de reachtaíocht thábhachtach agus straitéisí náisiúnta a chuireann eolas ar fáil d’obair BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.

- Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013
- Cód Cleachtais um Rialachas BOOanna 0083/2024
- Acht um Breisoideachas agus Oiliúna 2013
- Acht Oideachais 1998
- Acht Oideachais (Glacadh isteach i Scoileanna) 2018
- Deiseanna don Óige: Straitéis Náisiúnta d’Obair Óige agus Seirbhísí Gaolmhara 2024-2028
- An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachais agus Oiliúint 2012)
- Creatchuraclam na Bunscoile 2023
- An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 (Alt 42 de Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine)
- Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
- An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021
- Seirbhísí Poiblí Níos Fearr – Straitéis chlaochlaithe um Sheirbhísí Poiblí 2030
- Leas a Bhaint as Digitiú - Creat Digiteach na hÉireann
- An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018
- Rialacháin an AE um Intleacht Shaorga (IS)
- Beartais agus reachtaíocht a bhaineann le SUSI feidhmeanna:
  - An Plean Rochtana Náisiúnta: Plean gníomhaíochta straitéiseach um chothromas rochtana, rannpháirtíocht agus rath san ardoideachas ó 2022 go 2028
  - An tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011
  - Scéim Deontas Mac Léinn Bliantúil
  - An Scéim Bliantúil Táillí Páirtaimseartha Do Mhic Léinn do Chúrsaí Fochéime Sonraithe
  - Scéim Tacaíochta Mac Léinn d’Iarrthóirí Tearmainn (do Mhic Léinn Breisoideachais/Ardoideachais)

# Aguisín 3.
## Treochtaí Oideachais agus Fostaíochta


**Daonra Cheantar Riaracháin**
**BOO Chathair Bhaile Átha Cliath**
Daonáireamh Náisiúnta POS
(Príomh Oifig Staidrimh) 2022

# 592,713

Méadú +6.9% ó 2022



### Paonra 15 Bliana D'aois Agus Os A Chionn De Réor Inscne Agus An Leibhéal Oideachais Is Airde A Críochnaíodh




Tá oideachas tríú leibhéal ag

**218,308**

duine atá 15 bliana d'aois agus os a chionn




**21**

Meánaois ag a scoir an t-oideachas do dhaoine 15 bliana d'aois agus os a chionn

Freastalaíonn BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar an gceantar riaracháin atá clúdaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, a shíneann ó Fhionnghlas agus an Chúlóg (ó thuaidh agus soir ó thuaidh ón gcathair) go dtí an Rinn agus go Baile Formaid (ó dheas agus soir ó dheas ón gcathair). Chomh maith leis sin, is seirbhís náisiúnta é SUSI, mar an t-údarás náisiúnta dámhachtana do dheontais bhreisoideachais agus ardoideachais.

## Daoine Ag An Obair De Réir Tionscail Agus Inscne




**336,761**

Post lonnaithe laistigh de limistéar riaracháin BOO Chathair Bhaile Átha Cliath

**4.3%**

Ráta dífhostaíochta i Réigiún Bhaile Átha Cliath

# Aguisín 4.
## Eagraghram

**An Príomhfheidhmeannach**

- **Stiúrthóirí Eagraíochta, Tacaíochta & Forbartha**
  - Seirbhísí Corparáideacha
  - Caipiteal agus Cothabháil Foirgneamh
  - Acmhainní Daonna/Párolla
  - TFC
  - Maoirseacht a dhéanamh ar gach gné de Bhainistíocht Airgeadais agus Soláthair
- **Stiúrthóir Scoileanna**
  - Scoileanna Náisiúnta Pobail
  - Scoileanna Ospidéil Pobail
  - Scoileanna Speisialta Pobail
  - Coláistí Pobail
  - Seirbhísí Óige
  - Giniúint Cheoil
  - Seirbhísí Síceolaíochta
- **Stiúrthóirí BO**
  - Cáilíocht agus Oibríochtaí
  - Claochlú agus Eolas
- **Stiúrthóir Seirbhísí (SUSI)**
  - Déanann sé formhaoirseacht ar gach gné den mhéid seo a leanas:
    - An Scéim Náisiúnta Deontas Mac Léinn Breisoideachais agus Ardoideachais
    - An Scéim Táillí Páirtaimseartha
    - Sparánacht 1916
    - Scéim Tacaíochta Mac Léinn d’Iarrthóirí Tearmainn
    - An Sparánacht iar-Ardteistiméireachta do Dhaoine Easáitithe (an Úcráin)
    - Cláir na hOifige Treasachta Náisiúnta
    - An Scoláireacht Uile-Éireann

Íomhánna faighte ó iStock, Shutterstock agus Envato

City of Dublin
Bord Oideachais agus Oiliúna
Education and Training Board

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach
Co-Funded by the European Union

SOLAS learning works

etbi
Education and Training Boards Ireland
Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann